



Chuig: Boird Bainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Mhúinteoireachta i mBunscoileanna agus Scoileanna Speisialta agus chuig Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Eolas maidir le Tástáil Chaighdeánaithe agus Ábhair Eile

Bliain Acadúil 2017/18 agus na blianta ina dhiaidh sin

Imlitir 0032/2018

I gCuid 1 agus 2 den imlitir seo leagtar amach eolas tábhachtach do scoileanna maidir leis na tuairisceáin ar Thástáil Chaighdeánaithe i dtaobh na bliana acadúla 2017/18. I gCuid 3 go 11 tabharfar an t-eolas is deireanaí ar roinnt gnóthaí a bhaineann leis an gcuraclam agus ar rudaí eile a bhaineann le bunscoileanna agus scoileanna speisialta.

1. Tástáil Chaighdeánaithe i mBunscoileanna – Tuairisceáin i leith 2017/2018

Gabhaimid buíochas leat as comhoibriú linn go leanúnach agus torthaí na tástála caighdeánaithe a sholáthar ar an gcóras Esinet ar líne. Is modh amháin í Tástáil Chaighdeánaithe chun leibhéal ghnóthachtála daltaí a mheas ar mhaithe le bonn eolais a thabhairt don teagasc agus don bhfoghlaim. Tugaimid aitheantas go hiomlán d'obair na foirne scoile maidir leis seo.

Beidh maoiniú faighte agat, nó gheobhaidh tú maoiniú go luath le haghaidh tástála caighdeánaithe 2017/18. Is féidir an maoiniú seo a úsáid chun ionstraimí agus ábhair thástála a cheannach, amhail lámhleabhair do mhúinteoirí, seirbhísí triailscórála, nó bogearraí tástála atá á gcur ar fáil ag soláthraithe tástálacha. Má bhíonn barrachas maoinithe ann tar éis costais na tástála caighdeánaithe a ghlanadh, féadfar é a chaitheamh ar thástálacha diagnóiseacha de réir riachtanais na scoile.

Le linn mhí Bhealtaine, agus go luath i mí an Mheithimh 2018, ba chóir duit na tástálacha a dhéanamh de réir imlitracha 0056/2011 agus 0018/2012 atá ar fáil ar www.education.ie. Ní mór torthaí na dtástálacha seo a uaslódáil ar thairseach Esinet ar **Dé hAoine, 15 Meitheamh 2018** nó roimhe sin.

Mínítear uaslódáil na dtuairisceán i dtreoir **Céim ar Chéim** thíos. **Tá sé fíorthábhachtach do na scoileanna uile, scoileanna speisialta nó scoileanna naíonáin nach bhfuil an dara rang acu san áireamh, go léann agus go leanann siad na treoracha thíos, má bhaineann.**

Meabhraítear do scoileanna go bhfuil oibleagáidí tuairiscithe orthu i gCuid 7 d'Imlitir 0056/2011: Torthaí na Measúnuithe a Thuairisciú agus a Úsáid chun Foghlaim nDaltaí a Fheabhsú. Áirítear orthu:

- Tuairisciú do thuismitheoirí: Meabhraítear do scoileanna gur chóir dóibh tuairiscí i scríbhinn a sholáthar dá dtuismitheoirí agus neart ama roimh dhúnadh na scoileanna i gcomhair saoire an tsamhraidh a thabhairt do thuismitheoirí le go mbeidh deis réasúnach acu cruinnithe a lorg leis an bpríomhoide agus/nó le múinteoir(i) chun an tuairisc scríofa a phlé, más gá.
- Teimpléid a úsáid le haghaidh cártaí tuairisce: Ní mór do gach bunscoil úsáid a bhaint as teimpléad caighdeánach an chárta tuairisce (ar fáil ar www.ncca.ie) chun dul chun cinn an dalta, agus an méid atá bainte amach acu ar scoil a thuairisciú do thuismitheoirí;



- Tuairisc agus anailís a dhéanamh ar eolas na measúnuithe agus úsáid a bhaint as ag leibhéal na scoile;
- Eolas ó thástálacha caighdeánaithe a thuairisciú dá mbord bhainistíochta;
- Sonraí na measúnuithe a aistriú i gcásanna nuair a bhogann daltaí chuig scoil dhifriúil;
- Torthaí tástála caighdeánaithe a thuairisciú don Roinn Oideachais agus Scileanna – www.education.ie

Tabhair faoi deara nach iomchuí ag leibhéal na naíonán an rang iomlán a chur faoi thástáil chaighdeánaithe. Má úsáidtear tástálacha caighdeánaithe roimh dheireadh rang a haon, ba chóir sin a dhéanamh i ngrúpaí beaga amháin. Féach www.ncca.ie le haghaidh tuilleadh eolais. Is modh measúnaithe amháin é Tástálacha Caighdeánaithe chun bonn eolais a sholáthar don teagasc agus don bhfoghlaim i mbunscoileanna.

TREOIR CÉIM AR CHÉIM MAIDIR LE TUAIRISCEÁIN THÁSTÁLACHA CAIGHDEÁNAITHE A UASLÓDÁIL

(Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta - Féach thíos)

D'fhonn na tuairisceáin a uaslódáil, **comhlánaigh** na céimeanna seo a leanas ina n-iomláine, le do thoil:

IONTRÁIL SONRAÍ

1. Ba chóir don duine atá ainmnithe chun **iontráil sonraí** a dhéanamh i do scoil, logáil isteach ar an tairseach Esinet, cliceáil ar 'Tuairisceáin Litearthachta agus Uimhearthachta', agus ansin ar 'Iarratas CAP' sula gcuirtear isteach torthaí na dtrialacha ar an bhfoirm ar an scáileán, agus ansin '**Cuir Isteach**' a chliceáil.
2. A luaithe is a iontráiltear na scóir, ba chóir don duine a dhéanann na sonraí a iontráil logáil amach.

AN DUINE ATÁ FREAGRACH AS FAOMHADH

1. Ba chóir don duine atá freagrach as **faomhadh** a dhéanamh i do scoil, logáil isteach ansin ar an tairseach Esinet, cliceáil ar 'Tuairisceáin Litearthachta agus Uimhearthachta', agus ansin ar 'Iarratas CAP'.
2. Má tá an duine atá freagrach as faomhadh a dhéanamh sásta gur iontráladh na scóir chearta, ba chóir dó/di cliceáil ar '**Faomh**'.
3. Tíocfaidh teachtaireacht aníos ag rá 'Go raibh maith agat. Faomhadh do thaifid go rathúil'.
4. Ba chóir don duine atá freagrach as faomhadh a dhéanamh cliceáil ansin ar '**Críochnaigh**'.

Tabhair aird, le do thoil, ar na pointí seo a leanas maidir leis na tuairisceáin a uaslódáil ar an tairseach Esinet:

- Ní mór na tuairisceáin uile a chuir isteach **ar líne**. **Ní** dhéanfar tuairisceáin a fhaightear tríd an bpost a phróiseáil;
- Ba chóir don duine atá **ainmnithe** i do scoil le sonraí a iontráil na tuairisceáin a chur isteach **agus** ansin ba chóir don duine **ainmnithe** atá freagrach as faomhadh iad a fhaomhadh;
- **Ní** thaispeánfar tuairisceáin a cuireadh isteach ar liosta faofa an Chórais Éilimh ar Líne (**OLCS**). Ní mór don duine atá freagrach as faomhadh logáil isteach san iarratas agus na sonraí a fhaomhadh.
- Ba chóir ceisteanna a chur chuig literacynumeracy17/18@education.gov.ie



NÓTA TÁBHACHTACH DO SCOILEANNA SPEISIALTA:

I gcás scoileanna speisialta, más rud é go measann príomhoide na scoile go bhfuil míchumas foghlama nó coirp ar na daltaí uile lena mbaineann, a chuirfeadh cosc orthu na tástálacha a dhéanamh, níl aon ghá le beart a dhéanamh. **Má tá daltaí ag scoil speisialta, atá oiriúnach chun dul faoi thástáil i rang 2, 4 nó 6, ní mór duit tuairisceán a chur isteach ar Esinet.**

NÓTA TÁBHACHTACH DO SCOILEANNA NAÍONÁN:

Ós rud é nach bhfuil daltaí ag scoileanna naíonán i rang a dó, rang a ceathair ná rang a sé, níl gá le tuairisceán. Má logálann scoil naíonán isteach ar an gcóras, ní aithneoidh an córas an scoil. Má tá aon amhras ar a leithéid scoile, téigh i dteagmháil le literacynumeracy17/18@education.gov.ie, le do thoil.

2. Oideachas Speisialta

Beidh scoileanna ar an eolas go bhfuil córas nua tugtha isteach ag an Roinn Oideachais agus Scoileanna trína leithdháiltear múinteoirí Oideachais Speisialta ar scoileanna príomhshrutha. Tá an múnla nua chun acmhainní a leithdháileadh i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2017 agus bhí a leithdháileadh le haghaidh 2017/18 á fháil ag scoileanna cheana féin

Bunaítear leithdháiltí ar phróifíl oideachais scoile na laethanta seo agus áirítear air seo go bhféachtar ar an gcéatadán scoláirí atá ag cruthú faoi bhun tairsí áirithe maidir lena dtorthaí sa tástáil chaidheánaithe.

Nuair a eisíodh suirbhé ar chomhthéacs sóisialta chuig scoileanna in 2014 cuireadh in iúl do gach bunscoil gur aithníodh gurb iad na sonraí tástála caighdeánaithe a sheol na scoileanna isteach nó atá á seoladh isteach acu i ndáil le 2013/14 agus na mblianta dá éis (mar atá sonraithe in Imlitir na ROS 0045/2014) an fhoinsé sonraí is fearr don ngné seo de phróifíl oideachais scoileanna agus gur féidir úsáid a bhaint astu mar threoir agus samhail athbhreithnithe chun múinteoirí Teagaisc Acmhainne/múinteoirí Foghlama Tacaíochta a leithdháileadh ar scoileanna á forbairt. Cuireadh an méid sin in iúl do gach scoil.

Mar sin bainfear úsáid amach anseo i gcónaí as sonraí tástála caighdeánaithe a thuairiscítear mar bhonn eolais d'fhorbairt próifílí scoile agus chun múinteoirí oideachais speisialta a leithdháileadh ar scoileanna.

3. Pas Oideachais – Sonraí daltaí a aistriú ó bhunscoileanna go h-iar-bhunscoileanna

Mar a luadh in Imlitir 45/2014, d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) sraith ábhar chun tacú le tuairisciú agus aistriú sonraí daltaí ó bhunscoileanna go h-iar-bhunscoileanna. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go gcuirtear Pas Oideachais i leith gach dalta chuig an iar-bhunscoil chuí tar éis a dheimhniú go bhfuil sé/sí ar an rolla agus b'fhéarr é seo a dhéanamh faoi dheireadh mhí an Mheithimh. Ón mbliain scoile 2014/15, ní mór do scoileanna ábhair Pas Oideachais na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) a úsáid chun tacú le tuairisciú agus aistriú sonraí daltaí ag deireadh rang a sé. Cuirtear na hábhair i láthair faoin mbrat-theideal Pas Oideachais agus tá siad ar fáil ag www.ncca.ie/transfer.



Tá na hábhair seo a leanas sa Phas Oideachais

- An Teimpléad caighdeánach de *Chárta Tuairisce Rang 6* atá le comhlánú ag scoileanna.
- An bhileog *Mo Phróifil* atá le comhlánú ag daltaí i mbunscoileanna sula roinntear lena dtuismitheoirí/caomhnóirí í.
- An Bhileog *Próifil Mo Pháiste* atá le comhlánú ag tuismitheoirí/caomhnóirí. Ba chóir í seo a chur chuig tuismitheoirí/caomhnóirí in éineacht leis an mbileog *Mo Phróifil* faoi dheireadh na dara seachtaine i mí an Mheithimh ar a dhéanaí. Féadfaidh tuismitheoirí *Próifil Mo Pháiste* a chomhlánú más mian leo sin a dhéanamh. Ba chóir don bhunscoil *Próifil Mo Pháiste*, má dhéantar í a chomhlánú, in éineacht le bileog *Mo Phróifil* de chuid an dalta, agus *Cárta Tuairisce Rang 6* a chur ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil.

Is í an NCCA a d'fhorbair na hábhair Pas Oideachais chun tacú leis an gcuspóir dhúbailte arb í tuairisciú do na tuismitheoirí agus sonraí an dalta a chur ar aghaidh chuig iar-bhunscoileanna a luaithe atá an rollú deimhnithe.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi riaracháin an Phas Oideachais, ba chóir do scoileanna féachaint ar na Ceisteanna Coitianta ag www.ncca.ie/transfer.

4. Curaclam Teanga na Bunscoile

Ó Mhí Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh cuirfear gach snáithe den gCuraclam Teanga Bunscoile nua i bhfeidhm do na daltaí ar fad i rang na naíonán go rang a dó. Spreagtar scoileanna chun leas a bhaint as an bpróiseas Féinmheastóireacht Scoile (FMS) chun cabhrú le múinteoirí obair trí chur i bhfeidhm an Churaclaim Teanga Bunscoile. Cuirfear lá pleanála breise ar fáil sa scoilbhliain 2018-19 mar chabhair chun an Curaclam Teanga Bunscoile a chur i bhfeidhm. Eiseofar fógra ar leith chuig scoileanna go luath maidir leis an dúnadh scoile lae iomláin breise seo.

Tá feidhm ag an gCuraclam Teanga Bunscoile i ngach comhthéacs scoile, is é sin, scoileanna Béarla, scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna speisialta.

Tá obair na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar an gCuraclam Teanga Bunscoile le haghaidh rang a trí agus rang a sé ag leanúint ar aghaidh. Tá dréacht-churaclam curtha ar fáil i gcomhair comhairliúcháin ag www.ncca.ie. Tá obair grúpa forbartha na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a dhéantar i gcomhairle le líonra de bhunscoileanna ar an gCuraclam Teanga Bunscoile ón tríú go dtí an séú rang (Céim 3 agus Céim 4) ag teacht chun críche. Tá an Curaclam Teanga Bunscoile ón tríú go dtí an séú rang á thógáil ar churaclam na naíonán sóisearach go rang a dó a foilsíodh in 2015. Beidh na comhpháirteanna, na snáithí agus na gnéithe teanga mar an gcéanna i gcónaí d'fhonn tacú le leanúnachas agus comhsheasmhacht i bhfoghlaim na ndaltaí i nGaeilge agus i mBéarla. Sa churaclam Teanga Bunscoile ón tríú go dtí an séú rang, ina bhfreagraítear ar aiseolas a fuarthas nuair a tugadh an curaclam don dream ó naíonáin shóisearacha go rang a dó isteach, leathnaítear na torthaí foghlama agus na contanaim dhul chun cinn ó Chéim 1 go Céim 2 agus leanfar de bheith ag léarscáiliú an dul chun cinn a dhéanfaidh na leanaí uile ina gcuid foghlaim teanga beag beann ar aois, rang nó cumas. Tá an curaclam ceaptha chun tacú le gach leanbh i scoileanna Béarla, Scoileanna Gaeltachta, Scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna speisialta. Beidh na torthaí ón gcomhairliúchán mar bhonn eolais ag an gcuraclam agus críochnófar é faoi dheireadh 2018.



Faoin scoilbhliain 2020-21 beidh gach snáithe den gCuraclam Teanga Bunscoile ó naíonáin shóisearacha go rang a sé curtha i bhfeidhm ina iomláine. Déanfar cur i bhfeidhm iomlán an Churaclaim a chomhtháthú sna próisis chigireachta ansin.

Tacaíochtaí do Thuismitheoirí (Maidir leis an gCuraclam Teanga Bunscoile)

Mar chuid de do chuid oibre leis an gCuraclam Teanga Bunscoile d'fhéadfadh gur mhian le do scoil cuid de na hábhair seo a roinnt le tuismitheoirí agus/nó aird na dtuismitheoirí a dhíriú orthu ar shuíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ag www.curriculumonline.ie.

Tá suíomh gréasáin forbartha ag an nGníomhaireacht Litearthachta Náisiúnta, is é sin, www.helpmykidlearn.ie, mar chuid de straitéis na Roinne chun feabhas a chur ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta na leanaí. Ar an suíomh seo moltar gníomhaíochtaí spráúla a bhféadann tuismitheoirí agus a leanaí tabhairt fúthu le chéile. Tá eolas do thuismitheoirí ar acmhainní a thacaíonn le litearthacht agus uimhearthacht as Gaeilge ar fáil ó COGG, féach www.cogg.ie.

De bhreis air seo, tá póstaer agus leabharharcanna le heolas spreagtha faoin suíomh gréasáin *Help My Kid Learn* agus eolas faoin tslí inar féidir le tuismitheoirí cabhrú lena leanaí foghlaim i gcaitheamh an tsamhraidh táirgthe ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh. Is féidir pacáiste spreagtha saor in aisce a ordú do do scoil ó Margaret Murray ag mmurray@nala.ie.

Spreagaimid scoileanna chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- nasc a chur le suíomh gréasáin na scoile chuig www.helpmykidlearn.ie (tá sé déanta ag mórán scoileanna cheana féin) agus chuig www.cogg.ie, go háirithe i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna;
- na suímh ghréasáin a lua do thuismitheoirí nua a thagann ar cuairt chuig an scoil i mí Bhealtaine/an Mheithimh;
- iad a mholadh do thuismitheoirí mar fhoinsé mholtaí i gcomhair gníomhaíochtaí spráúla a bhféadann tuismitheoirí agus a leanaí tabhairt fúthu le chéile;
- a fhoireann a spreagadh le féachaint ar na suímh agus iad a lua i gcruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí.

5. An Curaclam Matamaitice Bunscoile

Chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta tús le forbairt an Churaclaim Mhatamaitice Bhunscoile nua i mí Mheán Fómhair 2016. Is do gach leanbh atá an curaclam seo agus tá an tuairim go bhfuil ar chumas gach linbh tabhairt faoi choincheapa agus smaointe matamaitice ó bhreith mar thaca faoi. Bhí an obair dírithe ar an dream ó naíonáin shóisearacha go rang a dó ar dtús. Cuireadh tús le comhairliúchán ar dhréacht den gcuid seo den gcuraclam i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus críochnaíodh é i lár mhí Mhárta 2018. Bhí an méid seo a leanas san áireamh:

- ceistneoir ar líne a spreag 1,105 fhreagra;
- seimineáir chomhairliúcháin i Luimneach, Sligeach agus Baile Átha Cliath;
- aighneachtaí i scríbhinn;



- Líonra naoi gcinn de bhunscoileanna a d'oibrigh leis an dréacht-churaclam agus a thug aiseolas ar ábhar agus struchtúr agus a ghin smaointe maidir le hábhar pleanála agus ábhar tacaíochta.

Tá tús curtha le hobair ar anailís sonraí a bailíodh leis an gcomhairliúchán seo. Cuirfear an obair seo i láthair i dtuairisc ar an gcomhairliúchán a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta roimh an tsamhraidh. Sa tuairisc leagfar amach na chéad chéimeanna eile ar an gcuraclam matamaitice bunscoile, an obair sna ranganna sinsearacha san áireamh. Mar thoradh ar an gcinneadh a rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna le déanaí an curaclam matamaitice bunscoile a chur i bhfeidhm in aon chéim amháin ó naíonáin shóisearacha go rang a sé, foilseoidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta an dréacht-churaclam go déanach in 2018 le haghaidh comhairliúcháin. Sa dréacht seo beidh obair san áireamh a rinneadh ar bhonn thorthaí ón gcomhairliúchán a rinneadh le déanaí. Sa dara chomhairliúchán beidh obair a rinneadh le líonra scoileanna san áireamh uair eile.

Chun tuilleadh eolais a fháil, an méid mór taighde ar mhatamaitic a úsáideadh mar bhonn eolais d'fhorbairt an dréacht-churaclaim san áireamh, féach <https://www.ncca.ie/en/primary/primary-developments/maths-curriculum#panel2>.

6. Athbhreithniú ar athfhorbairt an churaclaim bhunscoile

Mar chuid d'athbhreithniú níos leithne ar athfhorbairt an churaclaim bhunscoile reáchtáil an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta comhairliúchán in 2017 ar shraith mholtaí chun athmhachnamh a dhéanamh ar struchtúr an churaclaim agus an tslí ina leithdháiltear am ann. Sa chomhairliúchán seo tugadh seans den chéad uair le fiche bliain anuas dóibh siúd atá ag obair i mbunoideachas a machnamh a dhéanamh ar an gcineál curaclaim atá ag teastáil chun freastal ar leanaí sa chéad deich mbliana eile agus ina dhiaidh sin. Tá an tuairisc ar an gcomhairliúchán foilsithe ag https://www.ncca.ie/media/3242/primary-developments_consultaion-on-curriculum-structure-and-time_final-report.pdf.

Sa tuairisc seo mínítear torthaí ón gcomhairliúchán agus déantar cur síos ar an chéad chéim eile den obair atá dírithe ar dhréacht-fhorbhreathnú ar churaclam athfhorbartha - 'Eolas Tosaigh/Leabhar Dearg' nua. Mar chuid den obair seo tá Fóram Scoileanna á bhunú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a fhorbróidh treonna a ghlacfar amach anseo i leith athfhorbairt a dhéanamh ar an gcuraclam bunscoile agus cuirfidh sé leis. San obair seo aithnítear an ról ríthábhachtach atá ag páirt na scoileanna i bpróiseas forbartha an churaclaim. Is iad na comhlachtaí bainistíochta, Cumann Múinteoirí Éireann agus Líonra Múinteoirí Bunscoile na hÉireann a ainmníonn scoileanna agus lena chois sin tugtar cuireadh oscailte ag www.ncca.ie. De bhreis air seo baintear úsáid as sraith páipéir thaighde ar phríomhghnéithe an churaclaim bhunscoile agus as sraith sheimineár chun bonn eolais a chur ar fáil don obair ar an dréacht-fhorbhreathnú. Bhí an chéad sheimineár ar siúl ar an 21 Márta na bliana seo. Bhí múinteoirí agus príomhoidí rannpháirteach ann. Beidh na seimineáir eile ar siúl i mí Bhealtaine, mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna.

Ba chóir go dtabharfadh an beart thuas treonna níos soiléire le haghaidh curaclaim athfhorbartha agus in 2019 beidh deis againn dul i mbun mórchomhairliúcháin ar na treonna seo sula leanfar ar aghaidh leis an obair ar an gcuraclam féin ó dheireadh na bliana 2019 ar aghaidh.



7. Tacaíocht ó Leabharlanna Poiblí do Scoileanna

Tá sé de chuspóir ag an Straitéis Leabharlainne Poiblí 2018-2022, *Our Public Libraries 2022*, cur chuige comhoibritheach a bhunú idir scoileanna agus leabharlanna poiblí chun tacaíocht oideachais agus ábhair léitheoireachta fóillíochta a chur ar fáil. Cuireann gach leabharlann poiblí seirbhísí caighdeánacha ar fáil do bhunscoileanna mar atá aitheanta agus comhaontaithe go náisiúnta. Tugtar breac-chuntas ar na seirbhísí anseo thíos.

Tá ballraíocht sa leabharlann phoiblí saor in aisce agus faightear rochtain léi ar réimse leathan acmhainní, áiseanna agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar tacaíocht a thabhairt do scoileanna maidir le scoileanna litearthachta, uimhearthachta, cruthaitheachta agus cumarsáide na leanaí a chur chun cinn. Tá mórán tairbhí ag teacht as a bheith ag tógáil ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana féin idir scoileanna agus leabharlanna do na leabharlanna poiblí agus na bunscoileanna araon.

Tá craobh leabharlainne chomhpháirtíochta aitheanta do gach bunscoil de réir abhantraí. Tá an t-eolas seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na leabharlanna poiblí ag www.librariesireland.ie/services-to-schools.

Cuirfidh gach craobh chomhpháirtíochta na seirbhísí ar fáil atá luaite anseo thíos agus beidh sí i dteagmháil dhíreach le gach bunscoil le linn na scoilbhliana. I gcás scoileanna áirithe cuirfear roinnt seirbhísí ar fáil trí leabharlann shoghluaiste, veain leabharlann scoile nó trí cheanncheathrú na leabharlainne. Socrófar an rud seo trí rogha a dhéantar go háitiúil. Leis an gcur chuige comhoibritheach déanfaidh gach leabharlann teagmháil le príomhoide na scoile roinnt uaireanta sa bhliain. Tríd an teagmháil seo cuirfear eolas ar fáil maidir le seirbhísí agus acmhainní leabharlainne atá ar fáil do gach scoil.

Beidh na nithe seo a leanas san áireamh sa seirbhísí leabharlainne a thairgfear do bhunscoileanna:

- Cuairteanna ranganna bunscoile a éascú a shocrófar roimh ré ar bhonn áitiúil.
- Carta múinteora tiomnaithe a chur ar fáil do gach múinteoir i ngach bunscoil ar iarratas chun a chur ar chumas an mhúinteora earraí a fháil ar iasacht dá rang.
- Cuir-i-láthair a dhéanamh ar sheirbhísí leabharlainne do gach scoil de réir mar a iarrann an scoil, ag am atá socraithe leis an bpríomhoide, nó mar chuid d'oiliúint in-seirbhíse. D'fhéadfaí an cur-i-láthair a éascú ag an scoil agus is féidir é a dhéanamh do mhúinteoirí, do dhaltaí agus/nó do thuismitheoirí. Is féidir le scoileanna braislí a dhéanamh chun freastal ar an gcur-i-láthair seo, más mian leo.
- Cuirtear na rudaí seo ar fáil:
 - Ábhair léitheoireachta agus tacaíocht churaclaim
 - Acmhainní foghlama ar líne lena n-áirítear breis is 300 nuachtán idir Éireannach agus idirnáisiúnta, 190 teideal irise difriúil, bailiúcháin chuimsitheacha ríomhleabhar agus closleabhar, breis is 500 cúrsa foghlama ar líne agus 80 cúrsa teanga
 - Acmhainní agus ábhair thagartha chun tacú le tionscadail scoile
- Spás léitheoireachta a chur ar fáil do leanaí chomh maith le rochtain ar acmhainní leictreonacha i ngach seirbhís leabharlainne chomhpháirtíochta
- Acmhainní tagartha agus cúnamh le taighde a chur ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí le haghaidh obair tionscadail scoile



- Eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí faoin réimse acmhainní leabharlainne agus faoi na gníomhaíochtaí atá ar fáil chun tacú le forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta a leanaí
- Rochtain a chur ar fáil ar réimse leathan ábhair stairiúil faoin gceantar áitiúil, léarscáileanna, grianghraif, doiciméid agus eolas agus bailiúcháin maidir le 1916 agus maidir le comórthaí eile ina dhiaidh sin.
- Clár agus tionscnaimh leabharlainne leanúnacha a chur ar fáil ar fud na bliana lena n-áirítear an tionscnamh *Spring into Storytime*, an clár léitheoireachta náisiúnta Réalta an tSamhraidh agus Féile Leabhar na bPáistí. Tacaíonn siad uile le forbairt leanúnach scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bpáistí (www.librariesireland.ie). Bíonn an tionscnamh *Spring into Storytime* ar siúl le linn mhí Aibreáin gach bliain. Bíonn an tEachtra Léitheoireachta Réalta an tSamhraidh ar siúl ar fud an tsamhraidh. Clár léitheoireachta spraiúil is ea é atá oscailte do gach páiste a chláraíonn ag an leabharlann áitiúil. Reáchtáiltear Féile Leabhar na bPáistí i mí Dheireadh Fómhair agus ceiliúrtar léamh leabhar pháistí agus léamh sa teaghlach.

8. An Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta 2011-2020: Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis agus ar Spriocanna Nua

Cuireann foilsíú torthaí dearfacha na Measúnachtaí Náisiúnta ar Léamh Béarla agus Matamaitic i mí Eanáir 2015 in iúl gur baineadh na spriocanna foriomlána ag an mbunleibhéal a leagadh amach sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta ón mbliain 2011 amach.

I mí Mhárta 2017 sheol an tAire an Tuarascáil ar an *Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta* lena n-áirítear spriocanna nua agus spriocanna nuashonraithe. Tá Nóta Eolais do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna faoi iamh leis an imlitir seo.

9. Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 - Ceantair Ghaeltachta

Tar éis athbhreithniú cuimsitheach a bheith déanta ar an soláthar oideachais don nGaeltacht, sheol an Roinn Oideachais agus Scileanna an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (an Polasaí) i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Is gealltanais fíorthábhachtach é an Polasaí atá san áireamh i bPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019 de chuid na Roinne. Áirítear foilsíú agus cur i ngníomh an Pholasaí diaidh ar ndiaidh agus de réir mar atá acmhainní ar fáil ar ghnéithe tábhachtacha na Straitéise 20 Bliana don nGaeilge 2010-2030.

Is í sprioc uileghabhálach an Pholasaí a chinntiú go mbeidh oideachas lán-Ghaeilge ábhartha den chéad scoth ar fáil i scoileanna Gaeltachta agus go dtacófar ar an gcuma seo le húsáid na Gaeilge i bpobail na Gaeltachta agus go spreagtar iad chun an teanga a úsáid. Go sonrach, is í sprioc an Pholasaí a chinntiú go n-úsáideann dóthain suíomh scoile agus oideachais luathóige an Ghaeilge mar theanga chumarsáide agus teagaisc do gach réimse foghlama (seachas Béarla agus teangacha eile) i ngach ceann de na ceantair phleanála teanga sa Ghaeltacht (mar atá leagtha amach faoi Acht na Gaeltachta, 2012).



Ar príomhghnéithe an Pholasáí a bhaineann le scoileanna áirítear bainistiú agus cur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta tugadh cuireadh do scoileanna i gceantair phleanála teanga sa Ghaeltacht stádas mar Scoileanna Gaeltachta a lorg de réir sainchritéir teanga-bhunaithe atá dírithe ar sholáthar oideachais lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht a threisiú. Eisíodh Imlitreacha 0021/2018 agus 0033/2017 do bhunscoileanna agus Imlitreacha 0022/2018 agus 0034/2017 d'iar-bhunscoileanna le déanaí do scoileanna i gceantair phleanála Gaeltachta. Is iontu a mhínítear sonraí na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta mar aon leis na céimeanna nach mór a ghlacadh chun tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach na Scéime.

Foilsítear eolas breise agus an nuacht is déanaí faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 go rialta ar shuíomh gréasáin na Roinne. Is féidir ceisteanna faoi oibriú na Scéime nó faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta a sheoladh trí ríomhphost chuig aog@education.gov.ie nó a sheoladh chuig: **An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96.**

10. Éire Ildánach

Clár atá bunaithe ar chultúr is ea Éire Ildánach atá ceaptha chun folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn agus is é an phríomhuirlis é chun na tosaíochtaí a aithníodh i gCultúr 2025/Éire Ildánach a chur i bhfeidhm.

Tá cúig chrann taca ag an gclár Éire Ildánach a mhaireann ar feadh cúig bliana (2017-2022). Beidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ina phríomh-chomhpháirtí maidir le crann taca a haon a chur i bhfeidhm: Acmhainn Chruthaitheach gach Linbh a chumasú, agus beidh sí ag obair i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus leis an gComhairle Ealaíon. Seoladh an plean do chrann taca a haon *Óige Chruthaitheach* i mí na Nollag 2017. Tá teacht ar an bPlean Óige Chruthaitheach ag https://creative.ireland.ie/sites/default/files/media/file/uploads/2018-3/CI_ChildrensPlan_Screen_1.pdf

Is é is aidhm don bplean *Óige Chruthaitheach* na healaín agus cultúr a chur i gcroílár saol na ndaoine óga, laistigh agus lasmuigh den oideachas foirmiúil. Aithnítear sa phlean go bhfuil ar chumas na n-ealaíon agus na cruthaitheachta a bheith ina n-uirlisí foghlama. Is féidir úsáid a bhaint astu chun tacú le foghlaim ábhar eile agus tugtar aitheantas don obair leanúnach sna seomraí ranga. Lena chois sin aithnítear go bhfuil an córas oideachais foirmiúil ríthábhachtach chun cur leis an ngealltanas atá tugtha sa chlár Éire Ildánach.

Tá fógraí a rinneadh le déanaí maidir le Scoileanna Cruthaitheacha agus an 'Ciste Sármhaitheasa Scoile - Braislí Cruthaitheacha' ina gcuid de bhearta an phlean. Ba é an 22 Márta 2018 an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach ar Scoileanna Cruthaitheacha agus cuirfear scéala chuig scoileanna faoin toradh sna seachtainí seo chugainn. Is é an 11 Bealtaine 2018 an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh ar Bhraislí Cruthaitheacha.

Lena chois sin cuirfear cúrsa Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ar fáil sa samhradh 2018 faoin bplean "Comhpháirtíocht Mhúinteora/Ealaíontóra mar shamhail Forbartha Gairmiúla Leanúnaí chun Oideachas Ealaíon a fheabhsú agus tacú leis".



11. Ráiteas Beartais maidir le hOideachas STEM 2017-2026 agus Plean um Chur i bhFeidhm 2017-2019

Seoladh an Ráiteas Beartais maidir le hOideachas STEM 2017-2026 agus an Plean um Chur i bhFeidhm 2017-2019 ar an 27 Samhain 2017. Baineann mórán láidreachtaí le hoideachas STEM in Éirinn ach mar sin féin tá roinnt dúshlán ann. Sa Ráiteas Beartais leagtar cuspóirí uailmhianacha agus bearta ardleibhéil amach atá ag teastáil chun feabhas a chur ar oideachas STEM ó thaobh eispéiris agus torthaí do gach foghlaimoir de.

Céim 1: Plean um Chur i bhFeidhm

I gCéim 1 den bplean um chur i bhfeidhm díreofar ar a bhfuil riachtanach chun eispéireas oideachais STEM den chéad scoth a sholáthar a dheimhniú. Ar an gclár oibre atá le cur i bhfeidhm i gCéim 1 (2017-2019) áireofar

- Athchóiriú curaclaim STEM agus rochtain ar acmhainní den scoth d'fhonn a chinntiú go bhfágfaidh na scoláirí an scoil leis na scileanna STEM riachtanacha
- Tacaíocht do phríomhoidí agus múinteoirí chun STEM a chuimsiú ina gcuid gníomhaíochtaí pleanála scoile uile
- Tacaíocht do scoileanna agus múinteoirí chun obair le chéile ar thionscnaimh nuálacha comhoibritheacha i STEM mar chuid de chlár chun an timpeallacht foghlama STEM a fheabhsú agus chun tionscnaimh rathúla a chur i ngníomh
- Raon feidhme na comhpháirtíochta le gnó agus tionscal STEM agus an earnáil oideachais a mheas
- Tacú le teagasc STEM éifeachtach suimiúil i ngach scoil trí chlár foghlama gairmiúla do mhúinteoirí agus cheannairí scoile a bhfuil a cháilíocht deimhnithe
- Leanfaidh Cigireacht na Roinne uirthi ag forbairt samhlaigh cigireachta a thabharfaidh tacaíocht, a chothóidh cumas agus a dhéanfaidh monatóireacht ar cháilíocht an oideachais STEM ón leibhéal luathóige go dtí an leibhéal iar-bhunscoile
- Forbairt bearta chun níos mó rannpháirtíochta a chur chun cinn i ndeiseanna foghlama STEM comhchuraclaim agus lasmuigh den scoil agus tacú leo
- Úsáidfidh múinteoirí agus cleachtóirí luathóige cur chuige tras-disciplín sna ceithre dhisciplín STEM agus tharstu

Braitheann cur i bhfeidhm éifeachtach ar dhúthracht na bpáirtithe leasmhara uile. Idir cheannairí scoile, mhúinteoirí, fhoghlaimoirí is thuismitheoirí, an Roinn, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus an earnáil Ghnó agus Thionscail.

Eamonn Moran
Príomhoifigeach
Aonad um Beartas Curaclaim & Measúnachta
Bealtaine 2018